Gaeilge na hArdteiste: an bóthar chun cinn

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tá bóthar nua chun cinn do Ghaeilge na hArdteiste á mholadh ag Gaeloideachas bunaithe ar na moltaí atá déanta i bPlécháipéis a scríobh beirt saineolaithe oideachais ag freagairt do Dhréachtsonraíochtaí Gaeilge na hArdteiste a d'fhoilsigh an CNCM (NCCA) do chomhairliúchán i mí Feabhra 2021. Aithnítear sa phlécháipéis iliomad easnamh sna dréachtsonraíochtaí, ina measc:

- easpa eolais faoin ábhar atá le múineadh ag na múinteoirí agus le foghlaim ag na daltaí,
- easpa eolais faoin gcóras measúnaithe,
- gan páipéir scrúduithe shamplacha agus córas marcála a bheith ar fáil,
- gan cur síos soiléir ar an gcaighdeán a mbeifear ag súil leis ag na leibhéil éagsúla,
- gan liosta de na téacsanna agus den litríocht a bheith ar fáil.

Tá tábhacht mhór ag baint leis an Ardteist do scoláirí, scrúdú a imríonn tionchar mór ar a roghanna gairme agus saoil. Tá múnla nua de dhíth do Ghaeilge na hArdteiste, múnla a chuireann sonraíochtaí ar fáil a fhreastalaíonn go héifeachtach, go cruthaitheach agus go spreagúil ar riachtanais foghlama **gach** scoláire.

An bóthar chun cinn a mholann Gaeloideachas do na húdaráis oideachais, an CNCM, an Roinn Oideachais agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit ná:

- Polasaithe uile an Stáit i leith na Gaeilge, an Straitéis 20 bliain don Ghaeilge ina measc, a chur san áireamh agus forbairtí á ndearadh acu d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge.
- Aon chinneadh faoi shonraíocht nua don Ghaeilge sa tSraith Shinsearach a chur ar leataobh go dtí go mbeidh athbhreithniú ar an tSraith Shóisearach i gcrích agus torthaí an athbhreithnithe curtha ar fáil.
- Sonraíochtaí nua a dhearadh a fhreastalaíonn ar riachtanais teanga gach scoláire ón gcainteoir dúchais go scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu.
- Fráma nó múnla eile a cheapadh do na sonraíochtaí seachas T1 agus T2. Moltar an dá mhúnla thíos sa phlécháipéis leis seo a dhéanamh:

Rogha 1 - Sonraíochtaí nua a chur ar fáil ag na ceithre leibhéal seo a leanas:



(i) **Bonnleibhéal**, (ii) **Gnáthleibhéal**, (iii) **Ardleibhéal** AGUS (iv) **Sárleibhéal** – cúrsa nua a bheadh dírithe ar ardchaighdeán i labhairt agus scríobh na teanga mar aon le heolas ar ghnéithe de shaíocht, litríocht agus de shaol na Gaeilge. Moltar go mbeadh líon áirithe pointí breise CAO a bheith ar fáil dóibh siúd a roghnódh an scrúdú ag Sárleibhéal mar chúiteamh ar an obair bhreise a bheadh ag dul leis an tsonraíocht seo.

Rogha 2 - Sonraíochtaí a chur ar fáil ag na trí leibhéal seo a leanas:

(i) **Bonnleibhéal**, (ii) **Gnáthleibhéal**, (iii) **Ardleibhéal** AGUS ábhar nua **Saíocht agus Litríocht na Gaeilge.** Ábhar breise roghnach a bheadh ar fáil do scoláirí a mbeadh spéis acu tabhairt faoi ar an múnla céanna le Mata/Mata Feidhmeach. Bheadh pointí CAO ag dul leis an ábhar nua seo ar an mbealach céanna le Mata/ Mata Feidhmeach.

Moltar go mbeadh na leibhéil éagsúla sna múnlaí seo ceangailte leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, rud a chinnteodh bóthar dearfach chun cinn do gach scoláire ar a thuras teanga. Tapaigh an deis do thuairimí a chur in iúl don CNCM (NCCA) ar an gceist ríthábhachach seo roimh an **30 Samhain** trí aighneacht a chur chuig comhairliuchanT1@ncca.ie nó an suirbhé a líonadh ar líne. Bí i dteagmháil linn más féidir linn comhairle nó cúnamh a chur ar fáil duit.

Is féidir an plécháipeis a íoslódáil anseo: **Plécháipéis**

Is féidir teacht ar an suirbhé anseo: **Suirbhé**

eolas@gaeloideachas.ie | 01 8535195 | www.gaeloideachas.ie

Leaving Certificate Irish: a way forward

Gaeloideachas
Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta

Gaeloideachas is proposing a new way forward for Leaving Certificate Irish, based on the recommendations made in a discussion document written by two experts in education in response to the Draft Leaving Certificate Irish specifications published by the NCCA for consultation in February 2021. The document identifies numerous shortcomings in the draft specifications, including:

- a lack of information on the teaching and learning content,
- a lack of information on the system of assessment,
- the absence of sample examination papers and a marking system,
- no clear description of the standard expected at the various levels,
- no list of texts and literature available.

The Leaving Certificate is of great importance to students, as an examination that greatly influences their career and life choices. A new model is needed for Leaving Certificate Irish, one that provides specifications that meet the learning needs of **all** students in an effective, creative and stimulating way. Gaeloideachas' recommendation to the education authorities, the NCCA, the Department of Education and the State Examinations Commission is as follows:

- Take into account all State policies in relation to the Irish language, including the 20-year Strategy for the Irish Language, in designing developments for the learning and teaching of Irish.
- Delay any decision on a new specification for Senior Cycle Irish pending the completion of the review of the Junior Cycle and the publication of the results of the review.
- Design new specifications that meet the language needs of all students, from native speakers to students with additional learning needs.
- Design a framework or alternative model to the specifications other than T1 and T2. The discussion document recommends the following two models as alternatives:

Option 1 - Provide new specifications at the following four levels:



(i) **Foundation level**, (ii) **Ordinary level**, (iii) **Higher level** AND (iv) **Advanced level** - a new course aimed at a higher standard in oral and written language skills along with the study of a broader range of Irish literature, literary history and culture. Additional CAO points should apply for those who choose the examination at Advanced level to compensate for the additional work involved and to incentivise students to undertake the course.

Option 2 - Provide new specifications at the following three levels:

i) **Foundation level**, (ii) **Ordinary level**, (iii) **Higher level** AND a new subject **Saíocht agus Litríocht na Gaeilge** (Irish Language, Culture and Literature), an additional optional subject based on the same model as Maths/Applied Maths. Additional CAO points should apply for those who choose the optional extra subject, based on the same principle as Maths/Applied Maths.

It is recommended that the various levels in these proposed models be linked to the Common European Framework of Reference, which would ensure a positive pathway for all students on their language journey. Take the opportunity to make your views known to the NCCA on this crucial issue by **November 30th** by sending a submission to comhairliuchanT1@ncca.ie or completing the survey online. Please contact us if we can provide you with advice or assistance.

You can download the bilingual discussion document here: **Plécháipéis** | You can access the survey here: **Survey**

eolas@gaeloideachas.ie | 01 8535195 | www.gaeloideachas.ie